COIMISIÚN FULBRIGHT NA hÉIREANN

Folúntas poist: Oifigeach Chlár na nDámhachtainí lánaimseartha (5 lá in aghaidh na seachtaine).

Oifigeach Chlár na nDámhachtainí

Tá tréimhse 24 mí le fáil

Is mian le Coimisiún Fulbright na hÉireann (www.fulbright.ie) Oifigeach Chlár na nDámhachtainí a cheapadh go lánaimseartha (5 lá in aghaidh na seachtaine).

Cúlra

Is comhpháirtíocht í an Coimisiún Fulbright le tacaíocht ó Roinn Stáit na Stát Aontaithe agus ó Roinn na Gnóthaí Eachtracha agus ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tagann ár maoiniú ó Rialtas na hÉireann, ó Rialtas na Stát Aontaithe, institiúidí ardoideachais, gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus tabhartais.

Go bliantúil cuireann Coimisiún Fulbright na hÉireann gradaim ar fáil do shaoránaigh Éireannacha chun staidéir, taighde nó teagasc a dhéanamh sna Stáit Aontaithe agus do Mheiriceánaigh chun amhlaidh a dhéanamh in Éirinn. Is é an phríomhchlár a eagraíonn an Coimisiún ná an Clár Fulbright. Tá sé mar aidhm ag an gClár Fulbright cuir le meas agus tuiscint idir mhuintir na hÉireann agus mhuintir na Stát Aontaithe agus tíortha eile trí mhalartú oideachasúil agus cultúrtha.

An Ról

Ag freagairt go díreach don Stiúrthóir Feidhmiúcháin, **caithfidh** an t-iarrathóir a éiríonn leo:

- Taithí ar a laghad trí bliana a bheith acu ag obair i ról le malartú oideachasúil idirnáisiúnta
- Taithí a bheith acu ag obair le hearnáil an ardoideachais sna Stáit Aontaithe
- Scileanna iontacha ríomhaireachta le scileanna Microsoft Office san áireamh. A bheith in ann na córais á úsáidtear chun ár ngradaim a riaradh
- A bheith in ann obair a dhéanamh i bPoblacht na hÉireann go dleathach
- Sult a bhaint as obair in áit spreagúil, ag obair mar chuid de fhoireann an-bheag agus ag freagairt go héifeachtach i dtaobh thascanna agus iarratais
- A bheith báúil le haidhm Fulbright

Critéir inmhianaithe:

- Taithí le coráis CRM
- A bheith eolasach ar an gClár Fulbright
- A bheith eolasach ar chultúr na hÉireann

Príomhdhualgais agus Freagrachtaí

Tá liosta thíos de na príomhdhualgais atá ag dul leis an bpost seo ach tiocfaidh cinn eile chun cinn ó am go ham agus is féidir iad a athrú de réir comhthéacs, tosaíochtaí agus gníomhachtaí an Choimisiúin.

Riaradh an Chláir:

- Ag riaradh Ghradaim do Scoláirí Fulbright atá ag iarraidh dul chun na Stát Aontaithe.
- Ag riaradh na Scoláirí Fulbright atá ag teacht go hÉirinn
- Ag riaradh na Speisialtóirí Fulbright atá ag súil le dul chun na Stát Aontaithe
- Ag riaradh na Scoláirí Domhanda Fulbright atá ag teacht go hÉirinn
- Ag plé le gníomhaíochtaí Éireannacha agus Meiriceánacha
- Ag lorg dheiseanna forbartha don chlár agus a bheith ag lorg dheiseanna urraíochta freisin
- Ag cur tacaíochta ar fáil do na gradaim agus do na cláracha cumarsáide
- Ag eagrú ár dtréimhsí oiliúna/ócáidí faoi mar atá sin de dhíth
- Freagrachtaí eile de réir mar a thagann siad chun cinn ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin

Cruinnithe Boird / Imeachtaí: Tacaíocht riarachán a shaolathrú ag cruinnithe boird an Choimisiúin agus ag imeachtaí (na miontuairiscí a ghlacadh, na caipéis agus bia a eagrú srl).

Luach Saothair agus Sochair

Tréimhse an Chonradh: 24 mí

Tuarastal: Ó €42,000 in aghaidh na bliana (ag braith ar thaithí)

Pinsean: Tá scéim pinsin ag an gCoimisiún

Buntáistí eile: Tá scéim “bás le linn seirbhíse” ag an gCoimisiún

Saoire Bhliantúil: 22 lá (2 lá ceiliúrtha de chuid na Stát Aontaithe san áireamh)

Lonnaíocht: Bíonn daoine fostaithe ón príomhoifig ar Chearnóg Mhuirfean ach is féidir aontú ar chuid den obair sin a dhéanamh ón mbaile

Iarratas

Spriocdháta le haghaidh iarratas comhlánaithe roimh **17:00 ar an 13.02.2023**

- litir chumhdaigh atá an-ghearr a leagan amach cén fáth atá tú ag déanamh iarratais agus a léiríonn do thaithí ábhartha
- Curriculum vitae an-mhionsonraithe
- Ainmneacha agus sonraí teagmhála beirt teistiméireachtí.

Is féidir iarratais agus ceisteanna a sheoladh chuig https://my.hrduo.com/candidate-jobs/Fulbright_Commission_in_Ireland/8166595762